



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2017

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíocht agus Sóisialta

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíos a d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

SCÉIM MHARCÁLA

Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh
- Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile
- Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

Treoracha d'Iarrthóirí

- Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.
- Roinn B** Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt**.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.
- Roinn C** Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **ceist amháin** ar ábhar roghnach a fhreagairt,
ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
Tá **80** marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha **1 agus 3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2**.

Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

1. Is iad na haimínaigéid bloic thógála na próitéine. (6)
Mínigh **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas **agus** tabhair sampla díobh:

Aimínaigéid riachtanacha

Ní féidir leis an gcolainn iad a dhéanamh; 8 gcinn riachtanach do dhaoine fásta, 10 gcinn riachtanach do leanaí; ní mór iad a fháil san aiste bia; etc.

Sampla

Vailín; leaicín; lsileoicín; lísín; meitiainín; feiniolalainín; tréoinín; tripteafan; Histidín; argainín.

Aimínaigéid neamhriachtanacha

Is féidir iad a dhéanamh sa cholainn; ní gá iad a fháil ón aiste bia; etc.

Sampla

Alainín, asparaigin, aigéad aspartach, cistéin, aigéad glútamach, glútaimín, glicín, próilín, séirín, tirisín.

2. Déan cur síos ar an tslí a dtéann an geilitíniú i bhfeidhm ar stáirse. (6)

*Nuair a mheashtar stáirse le leacht agus nuair a **théitear** é, pléascann na cealla stáirse agus **súnn siad isteach uisce**, mar gheall air sin éiríonn an meascán níos **tibhe**; tugtar tuaslagán sol / collóideach ar an meascán tiubhaithe; etc.*

Tabhair **dhá** shampla sa chócaireacht den gheilitíniú.

- (i) *anlann roux; taosrán; anraith;* (ii) *gruth líomóidí; maróg ríse; etc.*

3. Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) i dtionscal an bhia. (6)

*Freagrach as **forfheidhmiú** rialáil na sábháilteachta bia in Éirinn a chomhordú; cuireann sé **comhairle** ar an Aire; **cosnaíonn** sé tomhaltóirí – bia sábháilte, faisnéis bheacht faoi bhia; oibríonn sé le tionscal an bhia lena chinntiú go dtáirgtear bia atá **sábháilte le hithe** (HACCP); **glacann sé gníomh** nuair a sháraíonn áitreabh rialacháin bhia; **próiseálann sé iarratais** ar bhianna nua agus modhanna nua próiseála; etc.*

4. Comhlánaigh an tábla seo a leanas ó thaobh na hainéime de.

(6)

Cúis	<i>Easpa haemaglóibín / fuilchealla dearga, aiste bia íseal in iarann; caillteanas fola – míostrú, othrais, obráidí; etc.</i>
Iarmhairt na heaspa	<i>Tuirse; craiceann geal; gearranáil; greannaitheacht; meadhrán; laghdaíonn sé na leibhéil ocsaigine san fhuil; etc.</i>
Beart ceartaitheach	<i>Iontógáil níos mó bianna ina bhfuil iarann; forbhianna iarainn; bianna ina bhfuil go leor vitimín C; laghdú san iontógáil tae, caife, an iomarca snáithín, aigéad fíteach agus ocsalach, cáilciam; etc.</i>

5. Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas:

(6)

Pacáistiú in atmaisféar modhnaithe

Baintear **aer** agus cuirtear meascán rialaithe de **gháis** ina áit – dé-ocsaíd charbóin, nítrigin agus ocsaigin; **séalaítear** an pacáiste le teas; moillítear fás baictéar, giosta agus músacán a mhilleann bia; breisíonn sé an tseilfré atá ag bia; etc.

Pacáistiú in-bhithmhillte

Briseann sé síos ina amhábhair nádúrtha e.g. málaí páipéir agus cairtchlár; etc.

6. Ainmnigh **dhá** bhaictéir choitianta a nimhíonn bia **agus** déan cur síos orthu. Bain úsáid as na ceanteidil thíos.

(6)

Baictéir nimhithe bia	Cur síos / tréith	Gnáthóg
Salmonella	<i>Cruth na slaite; gram-dhiúltach; ní fhoirmíonn sé spór; atáirgeadh éighnéasach; etc.</i>	<i>Putóga daoine agus ainmhithe; dramhaíl dhaonna agus ainmhí; lámha nár níodh; etc.</i>
Listéire	<i>Cruth na slaite; gram-dheimhneach; ní fhoirmíonn sé spór; atáirgeadh éighnéasach; etc.</i>	<i>Ithir, dramhaíl dhaonna agus ainmhí; etc.</i>
E-coli	<i>Cruth na slaite; gram-dhiúltach; ní fhoirmíonn sé spór; atáirgeadh éighnéasach; etc.</i>	<i>Putóga daoine agus ainmhithe; eisfhearadh daonna agus ainmhí; uisce truailithe; lámha nár níodh; etc.</i>

<i>Cloístridium botalanaim</i>	<i>Cruth na slaite; gram-dheimhneach; foirmíonn sé spór; atáirgeadh éighnéasach; etc.</i>	<i>lthir agus ábhar atá ag lobhadh; glasraí; putóga éisc agus muice; etc.</i>
<i>Stafalacocas aureus</i>	<i>Sféarúil; gram-dheimhneach; ní fhoirmíonn sé spór; atáirgeadh éighnéasach; etc.</i>	<i>Srón, scornach agus craiceann ionfhabhtaithe e.g. neascóidí; lámha nár níodh; etc.</i>

Clostridium Welchii; Campalabaictéar; etc.

7. Mínigh an próiseas coipeadh. (6)

Briseadh síos substaintí orgánacha ag miocrorgánaigh i.e. baictéar agus giosta chun CO₂, alcól agus fuinneamh a tháirgeadh;

giosta + C₆ H₁₂ O₆ + taise + teas → 2CO₂ (dé-ocsaíd charbóin) + 2C₂H₅OH (alcól) + fuinneamh

Ainmnigh **dhá** fhotháirge de chuid an choipthe.

- (i) dé-ocsaíd charbóin; aigéid; fínéagar; (ii) alcól; fuinneamh; etc.

8. Comhlánaigh an tábla thíos ó thaobh bainne a phróiseáil. (6)

Próiseas	Teocht	Am	Iarmhairt
Ultra-Theaschoireáil	132°C	1 go 3 shoicind	Athrú ar an mblas; cailltear vitimíní B agus C; milltear gach baictéar agus ansin is féidir bainne nach bhfuil oscailte a choinneáil gan é a chur sa chuisneoir ar feadh roinnt míonna; etc.

9. Ainmnigh trí ghné / chéim i mbainistíocht acmhainní teaghlaigh. (6)

lonchuir; tréchuir; aschuir;

Tabhair **dhá** shampla i saol an teaghlaigh ina mbíonn scileanna bainistíochta ag teastáil.

- (i) *pleanáil béilí; cinnteoireacht;*
(ii) *buiséadú; réiteach fadhbanna; bainistiú tí; etc.*

10. Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas: (6)

Préimh árachais

An tsuim airgid a íoctar go bliantúil nó i dtráthchodanna leis an gcuideachta árachais d'fhonn árachas a fháil; etc.

Polasaí árachais

Sonraí scríofa maidir le téarmaí agus coinníollacha an chlúdaigh árachais; etc.

11. Ainmnigh **trí** íocaíocht leasa shóisialta atá ar fáil do dhaoine aonair. (6)

- (i) *liúntas leasa forlíontach; sochar máithreachais; íocaíochtaí teaghlaigh aontuismitheora;*
- (ii) *pínsin – scothaosta, baintreach, duine dall;*
- (iii) *FIS; liúntas do chúramóirí; liúntas míchumais; sochar / liúntas an chuardaitheora poist; etc.*

12. Cén chosaint a chuireann an tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978 / An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí, 2007 ar fáil don tomhaltóir? (6)

- (i) *tugann sé cosaint do thomhaltóirí in aghaidh éileamh atá bréagach nó míthreorach faoi earraí nó faoi sheirbhísí (fógraíocht); cur síos trádála bréige;*
- (ii) *toirmisceann sé faisnéis atá bréagach nó míthreorach maidir le praghas, le praghas roimhe sin nó le praghas miondíola molta; etc.*

Roinn B


Freagair **Ceist 1** agus **dhá cheist** ar bith eile as an roinn seo.

Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceistanna 2, 3, 4 agus 5.

1. De thoradh ardú a bheith ag teacht ar líon na ndaoine atá róthrom agus murtallach (otrach), is mó an t-ualach atá á chur ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí. I láthair na huaire, tá seisear as gach deichniúr fásta agus leanbh amháin as gach ceathrar róthrom nó murtallach.

(A Healthy Weight for Ireland: Obesity Policy and Action Plan 2016 – 2025)

Is tomhas caighdeánaithe é an tInnéacs Corpmhaise (ICM) a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar cé acu faoi bhun meáchain, ag an ngnáthmheáchan, róthrom nó murtallach atá duine.



- (a) Agus tú ag baint úsáide as an eolas sa chairt, déan trácht agus tabhair mionchuntas ar na difríochtaí san innéacs corpmhaise sna haoisghrúpaí éagsúla de dhaonra na hÉireann. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann

Murtall: is iondúil go méadaíonn murtall nuair a théann duine in aois suas go dtí aois 55-64, is iondúil go dtiteann sé ag 64+; drochaiste bia; níos lú ama don aclaíocht mar gheall ar thiomantais oibre / teaghlaigh; poist neamhghníomhacha; ráta meitibileach ag laghdú fad is a fhanann méideanna béiltí mar a chéile; etc.

Róthrom: ard san aoisbhanna níos óige 15-24 (28%); méadaíonn sé go suntasach san aoisghrúpa 25-34 (beagnach 50%); fanann sé idir 40-50% i ngach aoisghrúpa eile; bíonn daoine sna déaga agus sna luath 20idí sách gníomhach agus páirteach i spóirt; d'fhéadfadh poist a bheith neamhghníomhach agus gan mórán ama don aclaíocht; laghdaíonn bunráta meitibileach nuair a théann duine in aois; iontógáil níos mó bia agus alcóil; aiste bia le go leor siúcra, saill sháithithe agus carbaihiodráití mínphróiseáilte; drochphátrúin itheacháin; ag brath ar bhianna áise; etc.

Gnáthmheáchan: Tá gnáthmheáchan ar 60% de na daoine san aoisghrúpa 15-24; laghdaíonn sé go suntasach san aoisghrúpa 25-34 (30-40%) agus laghdaíonn sé a thuilleadh chuig an bpointe is ísle (10-20%) san aoisghrúpa 55-64; bíonn méadú beag san aoisghrúpa 64+; tá déagóirí fás ag fás; béiltí teaghlaigh réitithe sa bhaile go húr; bíonn daoine óga sna déaga agus sna luath 20idí sách gníomhach agus páirteach i spóirt; d'fhéadfadh poist a bheith neamhghníomhach agus gan mórán ama don aclaíocht; laghdaíonn bunráta meitibileach nuair a théann duine in aois; iontógáil níos mó bia agus alcóil; aiste bia le go leor siúcra, saill sháithithe agus carbaihiodráití mínphróiseáilte; drochphátrúin itheacháin; ag brath ar bhianna áise; de réir mar a théann daoine ar scor bíonn níos mó ama acu don aclaíocht; bíonn daoine níos sine níos comhfhiosáí maidir le haiste bia agus nós maireachtála sláintiúil; etc.

Faoi bhun meáchain: tá níos lú ná 5% de na daoine faoi bhun an mheáchain san aoisghrúpa 15-24; laghdaíonn sé sna haoisghrúpaí eile; aistí bia agus riochtaí síceolaíocha e.g. anorexia nervosa; aschur fuinnimh níos mó ná an iontógáil fuinnimh; etc.

(b) Déan carbaihiodráití a aicmiú.

Agus tú ag tagairt do **gach** aicme díobh luaigh:

- an fhoirmle cheimiceach
- samplaí
- foinse sa bhia

(15)

Aicmiú 3 aicme @ 1 mharc an ceann	Foirmle Cheimiceach 3 @ 1 mharc an ceann	Samplaí 2 shampla de gach aicme @ 1 mharc an ceann	Foinse sa Bhia 3 fhoinsé @ 1 mharc an ceann
Monaisiúicrídí (siúcraí simplí)	$C_6H_{12}O_6$	Glúcós Fruchtós Galachtós	Torthaí Mil/torthaí Bainne díléáite
Déshiúicrídí (siúcraí dúbailte)	$C_{12}H_{22}O_{11}$	Siúcros Lachtós Maltós	Siúcra boird Bainne Eorna
Polaisiúicrídí (neamhshiúcraí coimpléacsúla)	$(C_6H_{10}O_5)_n$	Stáirse Peictín Ceallalós	Prátaí, gránaigh Torthaí Torthaí

(c) Mínigh trí airí atá ag siúcra agus an úsáid a bhaintear as gach airí díobh sa chócaireacht.

(15)

3 airí @ 5 mharc an ceann

Intuaslagthacht: comhdhúilí bána criostalta iad siúcraí atá intuaslagtha in uisce; méadaítear intuaslagthacht tríd an uisce a théamh; déantar síoróip nuair a théitear an siúcra; etc. **úsáid:** reoán; etc.

Cuidíonn sé le hAerú: dínádúraíonn siúcra próitéin uibhe, tarlaíonn aerú mar gheall air seo; nuair a ghreadtar an ubh le siúcra tarlaíonn aerú; etc. **úsáid:** meireangaí; cácaí spúinse; etc.

Criostalú: tarlaíonn sé seo má chuirtear níos mó siúcra i leacht ná mar is féidir leis an leacht a ionsú; cruthaítear cáithníní criostail nuair a fhuaíonn an meascán; etc. **úsáid:** milseáin; milseogra; etc.

Caramalú: nuair a théitear siúcraí, táirgeann siad raon substaintí donna ar a dtugtar caramal; tá deich n-athrú de réir a chéile i siúcra idir leá agus caramalú; tarlaíonn na hathruithe sin idir 104°C agus 177°C; agus ar deireadh, tarlóidh carbónú (dó) mar gheall ar an teas; etc. **úsáid:** crème caramail; etc.

Imoibriú Maillard: imoibriú ceimiceach siúcra (carbaihiodráit) + aimínaigéad + teas tirim = donnú neamheinsímeach bia; etc. **úsáid:** prátaí rósta; etc.

Milseacht: tá céimeanna éagsúla milseachta ag siúcra bunaithe ar scála pointí ag úsáid an mhodha blaiste; tá milseacht choibhneasta 100 ag siúcros; tá milseacht choibhneasta 170 ag fruchtós, tá milseacht choibhneasta 15 ag lachtós; etc. **úsáid:** cácaí; milseáin; brioscarán; etc.

Hidrealú; Inbhéartú; etc.

- (d) Déan measúnú ar na slite a dtéann ionghabháil ard siúcra i bhfeidhm ar an gcorp. (10)

1 tionchar @ 4 mharc, 2 thionchar @ 3 mharc an ceann

Murtall: is minic a bhíonn go leor calraí agus nach mbíonn go leor cothaitheach i mbianna ina bhfuil go leor siúcra, is féidir meáchan a chur suas; etc.

Ardbhrú fola: má itear bianna ina bhfuil go leor fruchtóis ardaítear brú fola; etc.

Galar croí: má itear an iomarca carbaihiodráití mínphróiseáilte, go háirithe iad siúd ina bhfuil go leor siúcra e.g. cácaí agus taosráin, d'fhéadfaí an iomarca inslin a tháirgeadh agus ardaíonn sé sin LDLanna; etc.

Diaibéiteas Chineál 2: má itear an iomarca siúcra méadaítear an riosca go mbeidh diaibéiteas ort; bíonn gnáthleibhéil siúcra san fhuil idir 4.0 – 7.9mmol/l; má thiteann siúcra fola faoin raon sin d'fhéadfadh hipiglicéime tarlú; má ardaítear leibhéil siúcra na fola os cionn an raoin sin d'fhéadfadh hipirglicéime tarlú; etc.

Galar fiacla: lobbhann fiacla mar gheall ar shiúcra, imoibríonn sé le baictéar chun aigéad a tháirgeadh; etc.

Easnaimh chothaitheach: nuair a itear an iomarca siúcra, d'fhéadfadh sé nach bhfuil dóthain bianna óna bhfaightear cothaitheach thábhachtacha san aiste bia cosúil le torthaí agus glasraí; etc.

- (e) Tá ráta an mhurtaill in Éirinn ag méadú cé gur féidir é a chosc.

Tabhair breac-chuntas ar chúig straitéis chun ionghabháil an tsiúcra a laghdú, is féidir a chur san áireamh nuair a bhíonn bia á cheannach agus á ullmhú. (20)

5 straitéis @ 4 mharc an ceann

(1 straitéis faoin gceannach, 1 straitéis faoin ullmhú + 3 eile)

Ceannach: roghnaigh torthaí stánaithe i sú seachas i síoróip; seachain gránaigh ar a bhfuil siúcra nó mil; déan comparáid idir lipéad agus roghnaigh bianna atá níos ísle i siúcraí; córas na soilse tráchtá – cuireann lipéid ar a bhfuil códú dathanna ar do chumas a fháil amach ach sracfhéachaint a thabhairt orthu an bhfuil leibhéil siúcra ard, meánach nó íseal; léigh lipéid, is gá siúcra breise a áireamh ar an liosta comhábhar; coinneigh súil amach d'fhocail a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar shiúcraí, i.e. siúcra cána, mil, siúcra donn, tiúchan sú torthaí, síoróip arbhair, fruchtós, siúcros, glúcós, siúcros chriostalta, neachtair; etc.

Ullmhú: úsáid purée torthaí in ionad siúcra; laghdaigh an méid siúcra in oidis; pleanáil béilí agus sneaiceanna; roghnaigh uisce nó deochanna gan siúcra nó gan siúcra breise; úsáid uisce súilíneach le sú torthaí caolaithe in ionad deochanna súilíneacha; laghdaigh an méid siúcra i ndeochanna teo nó i ngránaigh; úsáid subh le siúcra laghdaithe; etc.

2. Táirgeann Éire níos mó cáiseanna feirme éagsúla per capita ná aon tír eile ar domhan. Tá clú agus cáil orainn thar lear mar gheall ar ardchaighdeán na cáise, agus easpórtálann Éire 90% den cháis a tháirgeann sí. (An Chomhairle Náisiúnta Déiríochta)

(a) Déan measúnú ar luach cothaitheach na cáise agus ar ionchur diaitéiteach na cáise sa réim bia. (20)

5 phointe @ 4 mharc an ceann

(2 thagairt do luach cothaitheach, 2 thagairt d'ionchur diaitéiteach + 1 tagairt eile)

Luach cothaitheach:

Próitéin: 10 - 27%, HBV, cáiséin, níos lú próitéine i gcáis bhog ná i gcáis chrua; etc.

Saill: 4 - 35%, tá go leor saille i gcáis chrua ach ní bhíonn an oiread céanna inti má dhéantar an cháis as bainne bearrtha; ard i saill sháithithe; etc.

Carbaihidráit: 0% - 1.5% i gcáis tí; teas agus fuinneamh etc.

Vitimíní: 1%, A (reiteanól) agus béite-charaitéin (súile, craiceann, scannáin agus fás); Vitimín B2 (ribeaflaivin) i gcomhair scaoileadh fuinnimh; tá roinnt vitimín D ann (ionsú cailciam) ach níl vitimín C ann; etc.

Mianraí: 1.5 - 4% cailciam i gcomhair cnámh agus fiacla; sóidiam i láthair mar go gcuirtear salann leis i rith an táirgthe; níl iarann ann; etc.

Ionchur diaitéiteach:

Braitheann an méid uisce ar an gcineál cáise; dá airde a bhíonn an líon uisce is ea is lú saill a bhíonn ann; próitéin réasúnta saor gan aon dramhaíl – go maith do dhaoine ar ioncam íseal; ní gá cócaireacht a dhéanamh; tig léi bheith deacair le díleá; réimse leathan ar fáil; is féidir go leor úsáidí a bhaint aisti; tíosach, ard i saill sháithithe mar sin ba chóir dóibh siúd ar aiste bia íseal i gcalraí agus íseal i gcolaistéaróil í a sheachaint; ba cheart cáiseanna boga a sheachaint nuair atá duine torrach ar gheall ar an riosca listéire; tá go leor próitéine agus cailciam ann – riachtanach do leanaí, daoine óga atá ag fás, mná torracha agus máithreacha atá ag beathú; bia ina bhfuil go leor fuinnimh – oiriúnach do dhaoine gníomhacha; cáis tí (4% saill) agus cineálacha íseal i saill do dhaoine ar aisti bia íseal i gcileacalraí / colaistéaról / ag coinneáil súil ar mheáchan; níl mórán carbaihiodráití ann mar sin ba cheart é a ithe le bianna ina bhfuil go leor carbaihiodráití e.g. arán; etc.

- (b) Déan cur síos ar tháirgeadh cáise.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- céimeanna na táirgeachta
- pacáistiú agus lipéadú.

(18)

9 phointe @ 2 mharc an ceann

Táirgeadh: 7 gcéim @ 2 mharc an ceann; Pacáistiú: 2 mharc; Lipéadú: 2 mharc

Céimeanna na táirgeachta: cuirtear cultúr de bhaictéar aigéad lachtach le bainne **paisteartha**; athraíonn luchtós (siúcra i mbainne) go haigéad lachtach a chuireann blas leis agus a fheidhmíonn mar leasaitheach; téitear bainne chuig 30°C, cuirtear binid leis – tá an einsím reinín ann a théachtann próitéin (cáisínigin go cáiséin); scarann an meascán ina **ghruthanna** (solad) agus **meadhg** (leacht); gearrtar suas gruthanna chun níos mó meidhg a ligean amach, **draenáiltear** an meadhg; **téitear** na gruthanna chuig 35 - 40°C chun tuilleadh meidhg a fháisceadh amach agus chun an raimhre cheart a bhaint amach (bánú); **gearrtar** gruthanna ina mbloic agus cuirtear os cionn a chéile iad chun draenáil an mheidhg a chríochnú (ceadaráil); gearrtar na bloic agus cuirtear 2% **salann** leis i gcomhair blais agus leasú; cuirtear gruthanna le salann i múnlaí agus **brúitear** iad; spraeáiltear na múnlaí le huisce te uaireanta chun craiceann cosantach a fhoirmiú; baintear an cháis ón múnla, cuirtear stampa dáta air agus stóráiltear í ar feadh 3-12 mhí le **haibiú**; grádaítear an cháis; etc.

Pacáistiú: *pacáiltear le folús é i mála plaisteach zip-lock polaitéine; páipéar ciartha, boscaí plaisteacha; etc.*

Lipéadú: *cineál; branda; cainníocht; faisnéis chothaitheach; dáta stampa; etc.*

(c) Pléigh an ról atá ag táirgeoirí ceardaí / gnólachtaí beaga i dtionscal bia na hÉireann. (12)

4 phointe @ 3 mharc an ceann

Táirgeann gnólachtaí beaga nó fiontair bhaile líon teoranta de shainbhianna trí leas a bhaint as scileanna traidisiúnta neamhthionsclaíocha e.g. cáiseanna, seatnaithe, aráin, éisc dheataithe, seacláidí etc.; gnólachtaí teaghlaigh go leor díobh agus tá siad lonnaithe i gceantair thuaithe; cuireann siad fostaíocht ar fáil do dhaoine áitiúla agus tugann siad fórsa saothair oilte chuig an margadh; táirgeann siad bia speisialtóra ardchaighdeán; cuireann siad ardchaighdeán sláintíochta i bhfeidhm i dtáirgeadh a mbianna; cuireann siad an ceantar ina bhfuil siad bunaithe chun cinn; breisíonn siad cáil na hÉireann mar tháirgeoir bia agus dí ardchaighdeán; etc.

3. Is eispéireas é ‘blas’ a bhfuil baint ag níos mó ná céadfa amháin leis.

(a) Pléigh an tionchar a bhíonn ag na céadfaí nuair a bhíonn bia á roghnú, á chócaráil agus á ithe. (16)

4 phointe @ 4 mharc an ceann **(1 tagairt do roghnú, cócaráil, ithe + 1 tagairt eile)**

Roghnú:

Úsáidtear radharc chun breith a thabhairt ar chuma – dath, méid, cruth; cur i láthair e.g. gairnis agus riaradh; bímid ag súil go mbeidh dath áirithe ar bhianna áirithe e.g. úlla; baineann blas le dath e.g. líomóid – buí, sú talún – dearg, miontas – glas; úsáidtear cuma agus dath chun breith a thabhairt ar chomh húr is atá bia agus é á roghnú e.g. múscán ar cháis Stilton ach ní ar arán; is féidir boladh a úsáid lena chinneadh an bhfuil bia úr, bréan nó nimhneach; déanaimid cinneadh maidir le bia a ghlacadh nó a dhiúltú bunaithe ar mhéid agus cuma an dromchla; etc.

Cócaráil:

Athrú datha de bharr cócarála; láidríonn cócaráil blasanna – níos tarraingtí ná bia amh; bia bheith déanta – gan bheith cócaráilte a dhóthain / ró-chócaráilte, tearcbhruite; forbraíonn cócaráil blasanna – blas torthaí, géar, rósta, deataithe, searbh, spíosrach, láidir; forbraíonn an boladh; athraíonn an uigeacht; fuaimeanna a bhaineann le cócaráil i.e. ispíní teobhlasta; etc.

Ithe:

Blaslóga – searbh, géar, milis agus salann; spreagann imoibrithe teirmeacha nó ceimiceacha néaróga i gcaiceann an bhéil e.g. fuacht uachtar reoite nó dó sillí; cuidíonn mothú an bhéil linn uigeacht an bhia a dhéanamh amach; tuairisceoirí – aigéadach, searbh, neamhbhlasta, uachtarach, goinbhlasta, goirt, géar, deataithe, searbh, spíosrach, milis, láidir, gan bhlas; uigeacht – raimhre, gairbhe, réidhe an bhia; á mhothú ag brath béil; éisteacht / fuaime agus duine ag ithe – úsáidtear é chun úire an bheatha a chinneadh e.g. glasraí brioscá nó brioscaí; tuairisceáin – boilgearnach, brioscarnach, briosc, súilíneach, snapadh; etc.

(b) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc atá riachtanach le tástáil anailíse céadfaí a dhéanamh.

(16)

4 thoisc @ 4 mharc an ceann

Láthair: bothanna tástála nó dóthain spáis idir na tástálaithe; **soilsiú:** seomra geal, is fearr solas nádúrtha; **aerú:** tá sé rithábhachtach aon bholadh atá fágtha a bhaint; ba cheart **ciúnas** a choinneáil ionas nach roinnfear aon fhaisnéis; **uainiú:** lár na maidine, lár an iarnóin – íogaireacht blais is fearr; ná hith aon bhia le blas láidir ar a laghad 30 nóiméad roimh thástálacha; **níor chóir go mbeadh** eagraithe tástála páirteach in aon seisiún blaiste; **coinníollacha aiste bia speisialta; sláinteachas agus sábháilteacht bhia** dian; ba cheart go mbeadh gach sampla den **chruth, dath agus méid céanna**; ba cheart go mbeadh **teocht** na samplaí ar fad mar a chéile; teastaíonn **uisce rinseála; gabhdáin samplaí** mar a chéile i dtaobh méide, crutha agus datha; níor cheart go mbeadh claonadh mar gheall ar **chódú samplaí**; ba cheart seicheamh a phleanáil go maith; etc.

(c) Scríobh mionchuntas ar **thástáil difríochta amháin** a úsáidtear i dtionscal an bhia.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- ainm na tástála
- aidhm
- cur i bhfeidhm.

(18)

Ainm: 3 mharc; Aidhm: 3 mharc; Cur i bhfeidhm: 6 phointe @ 2 mharc an ceann

Ainm na tástála	Aidhm
<i>Difríocht Shimplí Phéireáilte Tástáil Chomparáide</i>	<i>Lena fháil amach an féidir le tástálaithe an difríocht idir dhá shampla a bhrath.</i>
<i>Comparáid Threoch i bPéirí Tástáil</i>	<i>Lena fháil amach cé acu den dá shampla a bhfuil an déine is mó ann i dtéarmaí saintréith áirithe.</i>
<i>Tástáil Triantáin</i>	<i>Chun an sampla atá éagsúil a aithint.</i>
<i>Tástáil Phéire-Trí cinn</i>	<i>Chun an sampla atá éagsúil ón rialaitheoir / tagairt a aithint.</i>

Cur i bhfeidhm:

Tástáil chomparáide i bpéirí do dhifríochtaí simplí: leagtar amach na tráidirí; tugtar dhá shampla códaithe do gach tástálaí agus iarrtar orthu an bhfuil difríocht idir na samplaí; tugtar samplaí códaithe do gach tástálaí in ord randamach; d'fhéadfadh go bhfuil na samplaí mar a chéile nó éagsúil; blaiseann an tástálaí na samplaí san ord ina dtugtar iad; iarrtar orthu má tá siad in ann difríocht a bhrath; cuirtear freagraí tá / níl i dtoll a chéile ar bhileog taifeadta; nochtar cóid agus ríomhtar **torthaí**; etc.

Tástáil chomparáide threoch i bpéirí: leagtar amach na tráidirí; tugtar dhá shampla códaithe do gach tástálaí agus iarrtar orthu a chinneadh cé acu de na samplaí a bhfuil an déine is mó blais acu i dtéarmaí saintréith áirithe; cuirtear samplaí códaithe i láthair gach tástálaí in ord randamach; blaiseann an tástálaí na samplaí san ord ina dtugtar iad; sonraítear ord an bhlais i gcónaí chun tástáil randamach na samplaí a chinntiú; iarrtar ar thástálaithe a thabhairt le fios cén sampla ina bhfuil an déine is mó i dtéarmaí saintréith áirithe atá á dtástáil e.g. milseacht; cuirtear freagraí i dtoll a chéile ar bhileog taifeadta; nochtar cóid agus ríomhtar **torthaí**; etc.

Tástáil triantáin: leagtar amach na tráidirí; tugtar trí shampla códaithe do gach tástálaí agus iarrtar orthu an ceann atá éagsúil a roghnú; cuirtear samplaí códaithe i láthair gach tástálaí in ord láithreachta cothromaithe; blaiseann an tástálaí na samplaí san ord ina dtugtar iad; sonraítear ord an bhlais i gcónaí chun tástáil randamach na samplaí a chinntiú; iarrtar orthu an bhfuil siad in ann an sampla atá éagsúil a aithint; cuirtear freagraí i dtoll a chéile ar bhileog taifeadta; nochtar cóid agus ríomhtar **torthaí**; etc.

Tástáil Phéire-Trí cinn: leagtar amach na tráidirí; tugtar trí shampla do gach tástálaí; tá dhá shampla códaithe agus aithnítear ceann mar thástálaí tagartha; iarrtar ar an tástálaí an sampla atá éagsúil ón tagairt a aithint; cuirtear samplaí i láthair gach tástálaí in ord randamach; blaiseann an tástálaí de na samplaí san ord ina dtugtar iad, ag tosú leis an sampla tagartha; sonraítear ord an bhlais i gcónaí chun tástáil randamach na samplaí a chinntiú; iarrtar orthu an bhfuil siad in ann an sampla atá éagsúil ón tagairt a aithint; cuirtear freagraí i dtoll a chéile ar bhileog taifeadta; nochtar cóid agus ríomhtar **torthaí**; etc.

4. Tá gá ag gach duine againn le teach: áit shábháilte chompordach i bpobal taitneamhach inbhuanaithe; áit le clann a thógáil más mian linn agus le dul in aois go suaimhneach.

(Straitéis na Tithíochta Sóisialta, 2020)

(a) Déan anailís ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar roghanna tithíochta.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- tosca socheacnamaíocha **2 thoisc @ 3 mharc an ceann**
- tithíocht a bheith ar fáil **2 thoisc @ 3 mharc an ceann**
- polasaí náisiúnta tithíochta **2 thoisc @ 3 mharc an ceann** (18)

Tosca socheacnamaíocha: costas; láthair; méid an teaghlaigh; aoiseanna na leanaí; riachtanais speisialta bhaill an teaghlaigh e.g. daoine aosta; sainrogha phearsanta – leagan amach, radharc; etc.

Tithíocht a bheith ar fáil – tithíocht phríobháideach: tá ganntanas tithíochta príobháidí i roinnt ceantair uirbeacha i láthair na huaire mar gheall go bhfuil an t-éileamh níos mó ná an soláthar; méadú ar phraghas tithe; eastáit bhánaithe; etc. **margadh cíosa:** tá cíós méadaithe mar gheall ar an éileamh ar mhaoín cíosa; ganntanas soláthair de chóiríocht oiriúnach inacmhainne; etc. **tithíocht shóisialta:** ganntanas mór mar gheall ar éileamh ard; liostaí feithimh fada; etc.

Polasaí náisiúnta tithíochta: maireachtáil ard-dlúis; pobail inbhuanaithe le tacaíocht siopaí, scoileanna, bonneagair chirt; foirgnimh liostaithe á gcoinneáil trí dheontais; an timpeallacht nádúrtha á cosaint; tithe atá tiosach ar fhuinneamh á gcur chun cinn; scéimeanna deontais feabhsúcháin e.g. painéil ghréine; tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar; tacaíochtaí tithíochta chun fadhb na ndaoine gan dídean a laghdú; cóiríocht go speisialta don lucht siúil; úinéireacht tí a spreagadh trí fhaoiseamh ús morgáiste; liúntas cíosa a sholáthar; cóiríocht ar cíós a chlárú leis an PRTB; cód iompair d’institiúidí airgeadais le leanúint agus iad ag déileáil le riaráistí morgáiste; etc.

(b) Tabhair breac-chuntas ar na coinníollacha nach mór a shásamh le bheith i dteideal morgáiste a fháil.

(16)

4 choinníollacha @ 4 mharc an ceann

Teorainn iasachta: teorainn-ioncaim-iasachta – socraithe ag 3.5 uair an ollioncaim; teorainn-luacha-iasachta – íosmhéid éarlais 10% ag teastáil ar mhaoín de luach suas go dtí €220,000; an 1 Eanáir 2017 – baineann teorainn 90% le ceannaitheoirí céaduaire príomhthithe cónaithe, éarlais 10%; etc. **dea-stair um bainistiú airgeadais / creidmheasa:** is gá go mbeadh sí soiléir i.e. carnadh staidéarach coigiltis agus gnáthaimh chaiteachais réasúnta; etc. ní mór go mbeadh **fostaíocht** slán; **ioncam:** caithfear cruthúnas ioncaim a sholáthar; etc. **téarma na hiasachta:** arna haisíoc thar 20 - 40 bliain, iarrthóir níos sine thar théarma níos gaire; etc. **maoin:** caithfidh sí bheith i riocht mhaith, suirbhéireacht déanta ag gníomhaireacht iasachta; etc.

(c) Ainmnigh cineál morgáiste **amháin** atá ar fáil do cheannaitheoirí tithe agus déan cur síos air. (16)

Ainm: 4 mharc; Cur síos: 3 phointe @ 4 mharc an ceann

Morgáiste blianachta / Aisíoc morgáiste: úsáidtear gach aisíocaíocht go páirteach chun an t-ús ar an iasacht a ghlanadh agus go páirteach chun an phríomhshuim a fuarthas ar iasacht a aisíoc; laghdaíonn an tsuim atá dlite thar na blianta; ní mór polasaí cosanta morgáiste a fháil; d’fhéadfadh rátaí úis a bheith athraitheach nó seasta nó go mbeadh meascán den dá chineál i gceist – ráta comhcheangailte; luainíonn an ráta athraitheach ar aon dul le rátaí úis ón ECB – tá riosca i gceist mar go bhféadfadh rátaí úis méadú;

tá an ráta seasta socraithe ar feadh roinnt blianta, bíonn sé níos airde ná an ráta athraitheach úis de ghnáth agus bíonn eisíocaíochtaí mar an gcéanna i gcónaí; an ráta comhcheangailte – tá an iasacht roinnte idir rátaí athraitheacha agus rátaí seasta; etc.

Morgáiste dearlaice: *meascán d'iasachtaíocht agus d'infheistíocht; íoctar ús ar an iasacht agus, ina theannta sin, íoctar préimh ar pholasaí árachas saoil; deartar polasaí árachas saoil chun an iasacht a ghlanadh / a chlúdach nuair a aibíonn sé; seans nach ndéanfaidh an toradh ón bpolasaí an iasacht a chlúdach go hiomlán; níl aon chosaint bhreise morgáiste ag teastáil (mar chuid de pholasaí árachas saoil); níl sé ar fáil go forleathan do cheannaitheoirí tí faoi láthair, etc.*

Morgáiste pinsean-nasctha: *íoctar ús ar an iasacht agus íoctar suim isteach i scéim pinsean; aisíoctar an iasacht ón gciste pinsean ar scor; tá polasaí cosanta morgáiste riachtanach; tá tóir air seo i measc daoine féinfhostaithe mar gheall ar an bhfaoiseamh cánach níos fearr, etc.*

Morgáiste ó údarás áitiúil / Iasacht Rogha Baile: *is féidir leis an iasacht a bheith suas le 92% de phraghas an tí faoi réir uasmhéid €285,000; morgáiste blianachta le rátaí úis athraitheacha; ní mór a thaispeáint nach féidir leat an iasacht a fháil in aon áit eile; ní mór go sásódh an t-ioncam tástáil ioncaim; ceannaitheoirí céaduaire; etc.*

Rianaire; Cuntas reatha / Morgáiste seach-chuir; Tús iarchurtha / Morgáiste úis amháin; etc.

5. Tá an pósadh an-choitianta in Éirinn go fóill. In 2015, ba shearmanais reiligiúnacha iad formhór na bpóstaí (66.3%). Ba iad na searmanais shibhialta an rogha ba choitianta do shearmanais phósta neamhreiligiúnacha (28%). Le blianta beag anuas, tháinig méadú ar an líon póstaí a dhéanann an Cumann Daonnachach, 5.7% díobh a dhéanann siad anois. (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016)

(a) Tabhair breac-chuntas ar an éagsúlacht póstaí atá ann sa lá atá inniu ann. (16)

4 phointe @ 4 mharc an ceann

Athruithe cultúrtha – mionaois; rogha páirtneirí; líon céilí – monagamas agus polagamas; pósadh réamhshocráithe; pósadh idirchreidimh agus creideamh éagsúil; pósadh comhghnéis; aoiseanna difriúla; cineál searmanais; láthair an searmanais; dara pósadh; etc.

(b) Pléigh na buntáistí a bhaineann le cúrsaí réamhphósta do lánúineacha atá ag ullmhú le pósadh. (16)

4 bhuntáiste @ 4 mharc an ceann

Tugtar faisnéis maidir le hionchais agus réadúlacht an phósta i.e. cumarsáid; réiteach coimhlinte; caidrimh; pleanáil teaghlaigh; tógáil clainne; freagracht airgeadais; dlí an phósta; teach a cheannach; fadhbanna a d'fhéadfadh tarlú e.g. andúil; féachann lánúin ar shaintréithe pearsanta agus spreagtar iad le saincheisteanna a phlé a mbeadh tionchar diúltach acu ar an bpósadh; etc.

(c) Déan measúnú ar **gach** ceann de na roghanna seo a leanas atá ar fáil do lánúineacha a mbíonn deacrachtaí acu ina bpósadh:

- comhairleoireacht pósta **2 phointe @ 3 mharc an ceann**
- idirghabháil teaghlaigh **2 phointe @ 3 mharc an ceann**
- idirscaradh dlíthiúil **2 phointe @ 3 mharc an ceann** (18)

Comhairleoireacht phósta: tá sé mar aidhm aici cuidiú le lánúin fadhbanna pósta a réiteach sula mbíonn siad ina gcúiseanna le scaradh nó colscaradh; seirbhís rúnda; saor in aisce; arna cur ar fáil ag Accord nó Seirbhísí Comhairleoireachta Pósta agus Caidrimh; oibríonn comhairleoirí cáilithe leis an lánúin agus d'fhéadfaidís iad a atreorú chuig saineolaithe mar gheall ar shaincheisteanna cosúil le caidreamh gnéis, dlí nó andúil; etc.

Idirghabháil teaghlaigh: féadfaidh lánúin atá ag scaradh comhaontú scartha a idirbheartú; i rith eadrána, buaileann an lánúin le hidirghabhálaí neamhchlaonta; pléitear saincheisteanna agus déantar cinntí a bhaineann le gach gné dá dtodhchaí cosúil le caomhnóireacht leanaí, scaradh airgeadais, tuismitheoireacht ar na leanaí agus saincheisteanna a bhaineann le teach an teaghlaigh; saor agus rúnda ón tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh faoin Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh; etc.

Idirscaradh dlíthiúil: comhaontú scartha / gníomhas scartha – conradh scríofa atá ina cheangal dlí; leagann sé amach cearta agus dualgais don todhchaí i.e. comhaontú le cónaí astu féin; freagracht agus cúram leanaí cleithiúnacha; cothabháil; socruithe úinéireachta tí; féadfaidh eadránaí cabhrú le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar théarmaí; caithfidh dlíodóir é a chur le chéile; etc.


Idirscaradh breithiúnach / forógra scartha – arna dhéanamh faoin Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989; caithfear é a bhunú ar na forais seo a leanas – adhaltranas, iompar míréasúnach; tréigean; gan caidreamh normálta pósta bheith ann; arna éisteacht ag breitheamh; féadfar breitheamh a úsáid chun caomhnóireacht, cothabháil, maoin, cearta comharbais a chomhaontú; etc.

Roinn C

Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a)** agus **1(b)** nó **1(c)** a fhreagairt.

- 1.(a) Tá Muintir Uí Mhurchú ina gcónaí i mbungaló lena mbeirt pháistí, Seán (11 bhliain d'aois) agus Eimíle (4 bliana d'aois).**



- (i) Déan oiriúnacht an tí a mheas i dtaca le riachtanais an teaghlaigh anois agus amach anseo. Mol athruithe, má tá gá leo. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann

Seomra 4 mar sheomra d'aíonna; doras sleamhnáin chuig an ngairdín ón seomra bia; cistin agus seomra bia le plean oscailte; seomra fónais in aice leis an gcistin; seomra suite ar leith do phríobháideachas; d'fhéadfaí seomra staidéir a dhéanamh de sheomra 4; seomra bia agus seomra leapa le chéile chun láthair plean oscailte a dhéanamh; d'fhéadfaí an garáiste a thiontú ina chlúid / sheomra spraoi / sheomra staidéir; doirse dúbailte idir an seomra suí agus an chistin / seomra bia chun spás le plean oscailte a chruthú; d'fhéadfaí seomra 2 a úsáid mar vardrús ar féidir siúl isteach ann do na tuismitheoirí; etc.

- (ii) Luaigh neamhéifeachtúlachtaí fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith i dteach agus mol straitéisí le feabhas a chur orthu. (15)

3 phointe @ 5 mharc an ceann

(3 neamhéifeachtúlacht fuinnimh agus straitéis lena mbaineann)

Neamhéifeachtúlachtaí: coirí agus córais teasa nach ndéantar seirbhísiú orthu go rialta; teirmeastait socraithe ró-ard; teirmeastait agus uaineadóirí do sheomraí aonair nach n-úsáidtear; píopaí agus sorcóirí nach bhfuil fálaithe; folcadh a thógáil in áit ceatha; córas teasa a chasadh air chun méideanna beaga uisce a théamh; gan an socrú / uainiú ceart a bheith ar an teirmeastait tumtha; sconnaí teo ag sileadh; rudaí a níochán faoi uisce reatha; teocht ró-ard a úsáid don niteoir soithí agus don inneall níocháin; séideáin – fuinneoga agus doirse nach bhfuil curtha isteach i gceart; gan dóthain inslithe sa díon, áiléar agus balla; gan cuirtíní a tharraingt san oíche; gan gloiniú le hastaíochas íseal a úsáid; bolgáin le vatacht níos airde ná a theastaíonn a úsáid; gan CFLanna a úsáid; soilse nach bhfuil ag teastáil a fhágáil ar siúl; gan gairis le rátáil fuinnimh A nó B a roghnú; an rogha nach bhfuil chomh tíosach ar fhuinneamh a roghnú agus gairis á roghnú e.g. greille a úsáid in ionad tóstaeir; gairis a úsáid an iomarca cosúil le meascthoirí bia; modhanna traidisiúnta cócaireacht a úsáid in ionad oigheann micreathoinne e.g. chun bia a théamh arís; gan an úsáid is fearr a bhaint as timthriallacha geilleagair / leathlóid i niteoirí soithí agus meaisíní níocháin; triomadóirí éadaí a úsáid in ionad líne éadaigh; etc.

Straitéisí: insliú maith; ba cheart uaineadóir agus teirmeastait a úsáid ar chórais teasa / uisce the; fálú a chur timpeall ar shorcóir an uisce the agus píopaí; fuinneoga le gloiniú dúbailte / triarach agus astaíochas íseal chun caillteanas teasa a chosc; líneáil ar na cuirtíní chun teas a choinneáil istigh; fuinneamh na gréine chun spás cónaithe a théamh; córais teasa criosaithe; roghnaigh gairis atá tíosach ar fhuinneamh; cuir CFLanna nó LEDanna in ionad bolgáin tungstain; úsáid braiteoirí ar na soilse taobh amuigh; smaoinigh ar leictreachas coigiltis oíche; cuir caoi ar sconnaí atá ag síleadh; etc.

(iii) Scríobh nóta eolais faoin teastas Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER). (15)

3 phointe @ 5 mharc an ceann

Tá teastas BER éigeantach do gach teach atá á dhíol nó á thabhairt ar cíós agus is gá é sin a áireamh i ngach fógra tráchtála; ní mór do mheasúnóir cláráithe measúnú a dhéanamh ar an teach d'fhonn rátáil BER a chinneadh agus teastas a fháil; i rith an tsuirbhé déantar measúnú ar achar na seomraí agus na bhfuinneog, tiús na mballaí agus leibhéil inslithe, córas teasa, cineálacha urláir agus balla; scála fuinnimh A go G, tithe le rátáil trí A na tithe is tiosaí ar fhuinneamh, tithe le rátáil G is lú atá tíosach; etc.

agus

1.(b) Chomh fada agus is féidir, beidh fáil ag gach teaghlach in Éirinn ar thithíocht atá sábháilte agus ar ardchaighdeán a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus a bheidh ar fáil ar phraghas réasúnta i bpobal inbhuanaithe. (Ráiteas Físe: An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil)

(i) Déan measúnú ar leordhóthanacht an tsoláthair de thithíocht shóisialta in Éirinn. (18)

3 phointe @ 6 mharc an ceann

Tá tithe sóisialta ar fáil do dhaoine atá ar ioncaim níos ísle nó nach bhfuil sé d'acmhainn acu teach príobháideach a cheannach, tá siad á soláthar ag údarás áitiúil nó ag grúpaí tithíochta deonaí nó comharthithíochta; mar gheall ar thionchar an chúlaithe, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá ag glacadh tí ar cíós nó ag déanamh iarratais chuig an údarás áitiúil le haghaidh tithíochta; méadú ar líon na ndaoine ar liostaí feithimh – tá daoine aosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean freagrach as níos mó ná 10% den liosta feithimh iomlán; méadú ar an éileamh ar thithíocht oiriúnach san earnáil seo mar gheall ar an méadú ar líon na ndídeanaithe agus an lucht iarrtha tearmainn freisin; d'fhéadfá a bheith ag fanacht le tithíocht ar feadh roinnt blianta; níl an soláthar ag freastal ar an éileamh, d'fhéadfadh daoine bheith ar liosta feithimh ar feadh achar fada; tugtar tús áite do theaghlaigh, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine aosta, níl an scéim ceannacháin tionónta agus tithíocht inacmhainne ar fáil a thuilleadh agus tá tionchar aige sin ar sholáthar tithíochta; tá an-tóir ar an scéim cóiríochta cíosa RAS; etc.

(ii) Déan trácht ar an tábhacht a bhaineann le **gach** ceann de na seirbhísí seo a leanas d'fhorbairtí tithíochta nua:

- scoileanna **1 phointe @ 4 mharc**
 - iompar **1 phointe @ 4 mharc**
 - bailiú bruscair **1 phointe @ 4 mharc**
- (12)

Scoileanna: réamhscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna chun freastal ar an líon leanaí sa cheantar agus ag cur fás daonra amach anseo san áireamh; ní gá do leanaí taisteal i bhfad;

sábháilteacht agus iad ag taisteal – an líon carranna ar an mbóthar, brú tráchta agus truailliú; daonra le hoideachas maith; etc.

lompar: cinntíonn líonra bóithre dea-phleanáilte sábháilteacht cónaitheoirí; cumasaíonn naisc le hiompar poiblí i gceantair uirbeacha daoine le taisteal go héasca chuig an obair agus abhaile agus chuig conláistí eile; ní mór don údarás áitiúil comharthaíocht a chur in airde agus smachtú tráchta a cur i bhfeidhm mar bheart sábháilteachta; etc.

Bailiú bruscair: coinníonn sé forbairtí tithíochta agus na ceantair máguaird glan agus sláinteach, coisceann sé míolra agus scaipeadh galar; coisceann sé bruscar gránna; bíonn tionchar acu seo ar fad ar luach maoinne na dtithe san fhorbairt; etc.

nó

1.(c) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh aerú ceart ann ar mhaithe le sláinte agus compord an teaghlaigh.

- (i) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le haerú sásúil a bheith sa teach. (12)

3 phointe @ 4 mharc an ceann

Cuireann sé aer úr ar fáil; baineann sé aer stálaithe; smachtaíonn sé bogthaise; rialaíonn sé teocht; laghdaíonn sé comhdhlúthú; baineann sé boladh; cuidíonn sé le dóchán; rialaíonn sé leibhéil bhogthaise; etc.

- (ii) Mol modh nádúrtha aeraithe **amháin** agus modh saorga aeraithe **amháin** a bheadh oiriúnach do chistin / seomra comhludair. Mínigh an bunphrionsabal a bhaineann le **gach** modh acu. (18)

(Ainm: 3 mharc amháin, Prionsabal: 2 phointe @ 3 mharc an ceann) x 2

Modhanna nádúrtha: fuinneoga agus doirse; tinteáin agus píireanna; brící aeir; gaothairí aeir balla; etc.

Bunphrionsabal: cuireann aerú nádúrtha aer úr, fionnuar ón taobh amuigh trí oscailtí ar na ballaí, in áit aer stálaithe, te sa seomra; etc.

Modhanna saorga

Fean eastarraingthe: nuair a chuirtear an fean ar siúl osclaíonn na comhlaí agus casann an mótar leictreach na lainn; cruthaíonn luas an chasaidh sú an aeir stálaithe ón seomra; tagann aer úr in ionad an aeir stálaithe go nádúrtha; dúnann na comhlaí nuair nach bhfuil sé in úsáid; rialaithe le lasc nó corda a tharraingíonn tú; is féidir an luas a athrú; etc.

Cochall cócaireáin: cuirtear os cionn sorn é chun boladh agus gal cócaireachta a chur amach; casann mótar leictreach fean; cruthaíonn ardluas sú ag tarraingt isteach aer te, ina bhfuil boladh agus gréisc; le duchta – cuirtear amach an t-aer taobh amuigh; gan duchta – baineann scagairí boladh agus ionsúnn siad an ghréisc; glanann siad an t-aer; ciorclaíonn siad an t-aer ar ais sa seomra; etc.

Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a)** agus **2(b)** nó **2(c)** a fhreagairt.

- 2.(a)** Is ráiteas suntasach stíle iad éadaí aclaíochta anois mar gheall ar an treocht faisin *athleisure*. Bíonn daoine de gach aois ag caitheamh éadaí aclaíochta i rith an lae go léir.



(www.marieclaire.com)

- (i) Déan trácht ar an bhfeisteas a thaispeántar sa phictiúr thuas.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- Compord **1 phointe @ 5 mharc**
- mealltacht aeistéitiúil **1 phointe @ 5 mharc**
- treocht faisin reatha **1 phointe @ 5 mharc** (15)

Compord: barréide scaoilte; básta le hiall tarraingthe; treabhsair déanta as fabraic bhog; zip i seaicéad a osclaíonn go héasca agus is féidir a fhágáil oscailte ar fad nó cuid den bhealach; cuireann siad seo ar fad le compord agus inchaitheamh an fheistis; etc.

Mealltacht aeistéitiúil: taitníonn sé le daoine níos óige agus leo sin a bhfuil suim acu san faisean; ní fheileann sé do gach cruth agus méid; etc.

Treocht faisin reatha: treocht faisin is ea athleisure ina gcaitear éadaí a dheartar chun aclaíocht a dhéanamh i suíomhanna eile, ar nós i rith oibre, ócáidí neamhfhoirmiúla nó sóisialta; is féidir iad a chaitheamh ag go leor ócáidí gan éadaí athrú, níos áisiúla, níor ghá do dhaoine feisteas breise giom a iompar chuig an oifig; etc.

- (ii) Pléigh an tionchar a bhíonn ag ceanróidithe agus ag na meáin ar chúrsaí faisin. (10)

2 phointe @ 5 mharc an ceann

(1 tagairt do cheannróidithe, 1 tagairt do na meáin)

Bíonn tionchar ag **ceannróidithe** faisin agus na **meáin** ar an bhfaisean trí shuim agus sceitimíní an phobail a fhorbairt sna stíleanna agus treochtaí is déanaí trí fhoilsiú leathan grianghraif ghalánta; tacaíocht daoine cáiliúla agus ailt fhaisnéiseacha; feidhmíonn na meáin mar thomhsaire faisin, ag tomhas pointí arda agus ísle stíleanna daoine cáiliúla, ag tabhairt gnéithe an fhaisin atá ag athrú le fios a léiríonn tuairimí agus stíleanna maireachtála íocónacha a bhíonn ag daoine cáiliúla mór le rá, figiúirí poiblí agus eiseamláirí; bíonn tionchar ag Snapchat, Instagram agus blagairí faisin; etc.

agus

2.(b) Is é atá i gceist le cumasc ná snáithíní éagsúla a nascadh le chéile le tréith inmhianaithe a chur isteach sa táirge.

Scríobh próifíl ar fhabraic chumaisc **amháin**.

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- táirgeadh snáithíní **3 phointe @ 3 mharc an ceann**
- airíonna fabraice **3 airí @ 1 mharc an ceann**
- feidhmeanna **3 úsáid @ 1 mharc an ceann** (15)

Táirgeadh an tsnáithín olann & níolón; cadás poileistir; etc.

Olann: grádaítear, glantar agus spíontar lomra; etc. **Níolón:** measctar dhá cheimiceán le chéile agus téitear iad; nascann móilíní chun filiméad fada a tháirgeadh; scairdtear níolón te ó scoilt i mbun na soitheach cruach; etc.

Poileistear: cruthaítear leacht slaodach agus easbhrúitear é trí phoill chaola i mbuinne nó i sníomhadán; soladaíonn na filiméid nuair a shroicheann siad aer fuar; etc. **Cadás:** baintear cochall; baintear snáithíní cadáis; sníomhtar ina snáth iad; etc.

Cumasc: meascáin / meascadh snáitheanna le chéile e.g. snáithín dlúith agus snáithín innigh; cumasctar snáithíní sula sníomhtar iad; etc.

Airíonna fabraice: airíonna an dá fhabraic atá cumaiscthe.

Olann: te; ionsúiteach; bog; athléimneach; buanfasach; loisctear í go héasca; déanann leamhain damáiste di; déanann níochán gan chúram damáiste di – crapann agus feiltíonn sí; caitíní; gruaigeach – is féidir léi cur as do chraiceann; etc.

Níolón: láidir; te; leaisteach; éadrom; etc.

Poileistear: láidir; te; is deacair fithíní a chur ann; etc.

Cadás: láidir; fionnuar; ionsúiteach; éasca le níochán; éasca le dath agus tuarthóir a chur ann; níl aon leaisteachas ann; laghdaíonn sé; dónn sé go héasca; damáiste caonaigh; fithíní; etc.

Úsáidí: éadach, bogfheisteas tí, línéadach leapa; etc.

nó

2.(c) Tá tionscal na dteicstílí agus an fhaisin faoi thionchar an mhargaidh, agus tá leibhéil arda scile, samhlaíochta agus cruthaitheachta i gceist leis

- (i) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuirtear tionscal faisin na hÉireann chun cinn sa bhaile agus thar lear. (9)

3 phointe @ 3 mharc an ceann

Tacaíocht ó Bhoird Fiontair; siopaí a thacaíonn le dearthóirí Éireannacha – Ionad Dearaidh Chill Chainnigh agus Ionad Dearaidh Powerscourt; dearthóirí Éireannacha ag táirgeadh raon dearaidh do shiopaí sráide; seachtainí faisin; blaganna faisin; dearthóirí Éireannacha le feiceáil ag seónna faisin idirnáisiúnta; caitheann daoine mór le rá dearthóirí Éireannacha; etc.

- (ii) Ainmnigh deis ghairm bheatha **amháin** i dtionscal na dteicstílí agus an fhaisin **agus** tabhair sonraí fúithi. (6)

Ainm: 2 mharc; Sonraí: 2 phointe @ 2 mharc an ceann

Dearthóirí faisin; táilliúirí; iriseoir faisin; grianghrafadóir; mainicín; stílí; déantúsóir éadaí; fógraíocht; cúntóirí díolacháin mhiondíola; etc.

Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a)** agus **3(b)** nó **3(c)** a fhreagairt.

- 3.(a)** Tá an dífhostaíocht in Éirinn ag an leibhéal is ísle anois ó bhí mí na Nollag 2008 ann. Tá titim de 52% ar líon iomlán na ndaoine dífhostaithe ó baineadh amach an líon ab airde, 327,000 in 2011.

	2011	2012	2013	2014	2015	2016
Rátaí dífhostaíochta in Éirinn	15.1%	14.1%	12.2%	10.2%	8.9%	7.2%

(The Irish Times, 2016)

- (i) Déan trácht ar an eolas atá tugtha thuas agus déan anailís ar cén fáth gur athraigh na rátaí dífhostaíochta in Éirinn. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann

Trácht: bhí rátaí dífhostaíochta in Éirinn in 2008 an-ard mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta ar fud an domhain; mar gheall ar an bhfás sa gheilleagar idir 2011 agus 2016 laghdaíodh an dífhostaíocht de réir a chéile; etc.

Anailís: fás sa gheilleagar – méadaíonn figiúirí fostaíochta mar gheall ar fhás geilleagrach; fás sna tionscail thógála, mhiondiola agus seirbhísí; éileamh níos fearr ar tháirgí agus seirbhísí; níos mó ioncam indiúscartha – níos mó cumhacht caithimh; méadaíonn na tionscail déantúsaíochta agus bhainteacha agus dá bhrí sin bíonn níos mó post ann; d'éirigh le hinfheistíocht ón stát i scéimeanna cruthaithe post e.g. Fiontraíocht Éireann agus IDA; tugann turasóireacht fostaíocht; spreagann cáin chorparáide íseal (12.5%) infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI); imirce; bearta cosúil le JobsWeek – cuardaitheoirí poist a mheaitseáil le fostóirí; etc.

- (ii) Pléigh na slite a dtéann an dífhostaíocht i bhfeidhm ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar an tsochaí. (20)

5 thionchar @ 4 mharc an ceann

(1 tagairt ar dhaoine aonair, ar theaghlaigh agus ar an tsochaí + 2 phointe eile)

Tionchair ar dhaoine aonair

Neamhdhaingne airgeadais: titim in ioncam as a dtagann titim i gcaighdeán mhaireachtála; bochtaineacht; riaráistí morgáiste – athshealbhú tithe; etc. **Caillteanas aitheantais agus stádaís:** mothú gan luach, féinluach íseal; etc. **Aonrú sóisialta:** uaigneas; ní bhíonn daoine aonair in ann bheith páirteach in imeachtaí sóisialta de bharr ioncam teoranta; etc. **Dúlagar:** mar gheall ar dhífhostaíocht fhadtéarmach, d'fhéadfadh féinmhuinín daoine laghdú agus d'fhéadfaidís mothú nach bhfuil aon dóchas ann agus gur theip orthu; d'fhéadfadh gnásanna féindíobhálacha eascirt as sin e.g. mí-úsáid alcóil / drugaí; méadú ar ráta féinmharaíthe; etc.

Tionchair ar theaghlaigh

Meath i gcaighdeán mhaireachtála: tá go leor teaghlach ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, bíonn sé deacair bunriachtanais a sholáthar; etc. **Athshealbhú theach an teaghlaigh:** mura n-íocfar an morgáiste mar gheall ar chaillteanas post d'fhéadfaí teach a athshealbhú, d'fhéadfadh teaghlaigh bheith gan dídean nó d'fhéadfadh cóiríocht éigeandála bheith ag teastáil uathu; etc. **Fadhbanna caidrimh:** d'fhéadfadh brú bheith ar chaidreamh idir lánúin mar gheall ar strus airgeadais, d'fhéadfadh pósadh

cliseadh; etc. **Meath i rath oideachais:** d'fhéadfadh tionchar bheith ar obair scoile agus díriú leanaí sa rang mar gheall ar imní faoi staid airgeadais an teaghlaigh; d'fhéadfadh daoine an scoil a fhágáil go luath mar gheall ar easpa airgid; etc.

Tionchair ar an tsochaí

Imirce: is éigean do go leor daoine dul ar imirce – agus mar gheall air sin tarlaíonn dídhaonrú, rátaí breithe níos ísle, aonrú daoine scothaosta; etc. **Iompar frithshóisialta:** mí-úsáid drugaí agus alcóil; coir agus loitiméireacht; d'fhéadfadh spotaí dubha dífhostaíochta eascairt as; etc. **Méadú ar chánacha** nuair a leithdháiltear % mór de bhuiséad an rialtais ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh; etc.

- (iii) Ainmnigh scéim **amháin** leis an gcaiteachas a laghdú do theaghlaigh ar ioncam íseal **agus** tabhair sonraí fúithi. (10)

Ainm: 2 mharc; Sonraí: 2 phointe @ 4 mharc an ceann

Cártaí Leighis; Scéim Deontais Leabhar Scoile; Béilí scoile; Liúntas Breosla; Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil; Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP); Liúntas um Fhilleadh ar an Oideachas; Scéim Liúntais Mhorgáiste; Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIS); Íocaíocht do theaghlach aontuismitheora; Íocaíochtaí Feirme e.g. Cúnamh Feirme; Scéimeanna Sóisialta Tuaithe (RSS) e.g. Tús; etc.

agus

3.(b) Tá céatadán na bhfear níos mó ná céatadán na mban sa lucht saothair.

- (i) Déan anailís ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar rannpháirtíocht na mban i gcúrsaí fostaíochta. (15)

3 thoisic @ 5 mharc an ceann

Glacadh sóisialta; brú / riachtanas geilleagrach; gnóthachtáil oideachais níos airde; struchtúir tacaíochta maithe i bhfeidhm – tacaíochtaí cúram leanaí; solúbthacht san ionad oibre e.g. páirtaimseartha nó roghanna post-roinnte, saoire tuismitheora; comhionannas deiseanna i bhfostaíocht agus oideachas; etc.

- (ii) Déan trácht, agus tabhair mionchuntas, ar na roghanna maidir le cúram leanaí atá ar fáil do thuismitheoirí a bhíonn amuigh ag obair. (15)

Ainm: 1 rogha @ 2 mharc; 1 rogha @ 1 mharc

Sonraí: (3 phointe @ 2 mharc an ceann) X 2

Naíolann: saintógtha; uaireanta oscailte 8am-6pm; foghlaimíonn leanaí sóisialú; timpeallacht spreagthach; pearsanra cáilithe; áiseanna; costas; etc.

Feighlí leanaí i dteach an fheighlí nó i dteach an linbh: áisiúil; costas; uaireanta solúbtha; duine muinteartha; socraíonn tuismitheoirí agus feighlithe leanaí a dtéarmaí agus coinníollacha féin; etc.

Au pair: uaireanta oibre solúbtha; duine le duine; féadfaidh siad cónaí istigh nó amuigh; etc.

Naíonra; Naíscoil / Grúpaí spraoi; Montessori; etc.

nó

3.(c) Tá líon na ndaoine atá ag dul ar imirce fós ard, cé go bhfuil feabhas ar an geilleagar agus titim i gcúrsaí dífhostaíochta.

- (i) Is minic a bhogann daoine ó áit go háit ar thóir oibre, pléigh an tionchar a bhíonn aige sin ar dhaoine aonair agus ar a dteaghlaigh. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann

Meath sa daonra i gceantair thuaithe – mar thoradh air sin d'fhéadfadh gnólachtaí agus oifigí poist, bunscoileanna beaga, seirbhísí iompair dúnadh agus dá bhrí sin ní bhíonn an oiread deiseanna fostaíochta ann; d'fhéadfadh baill teaghlaigh eile leanúint agus dá bhrí sin bheadh dídhaonrú tuaithe agus mothú aonraithe do dhaoine scothaosta a fhanann taobh thiar; níl an oiread áiseanna ar fáil, tagann meath ar an saol sóisialta; etc.

Tá siamsaíocht agus áiseanna fóillíochta níos inrochtana; d'fhéadfadh tionchar bheith ag an méadú ar thruailliú aeir, torainn agus tráchta ar an tsláinte; bíonn brú ar sheirbhísí oideachais agus sláinte mar gheall ar fhás daonra tapa; d'fhéadfadh deiseanna fostaíochta bheith níos iomaíche agus go mbeadh dífhostaíocht agus fadhbanna sóisialta ann e.g. mí-úsáid drugaí agus alcóil, loitiméireacht, coiriúlacht; scoilteadh teaghlaigh; deiseanna chun taithí a fháil ar chultúr nua; etc.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a bhíonn tionchar ag eitic oibre duine ar an dearcadh a bhíonn aige nó aici ar an obair. (10)

2 phointe @ 5 mharc an ceann

Bíonn tionchar ag eitic oibre mhaith ar a gcuid oibre – an-spreagtha, táirgiúil, fostaí éifeachtúil; etc.

Bíonn drochthionchar ag drocheitic oibre ar shaincheisteanna a bhaineann le hobair cosúil le cur amú ama; poncúlacht; neamhláithreacht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rath chuideachta nó gnólachta; etc.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónaís sin a **shlánú síos**.

Tábla 320 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
241 - 243	23
244 - 246	22
247 - 250	21
251 - 253	20
254 - 256	19
257 - 260	18
261 - 263	17
264 - 266	16
267 - 270	15
271 - 273	14
274 - 276	13
277 - 280	12

Bunmharc	Marc Bónais
281 - 283	11
284 - 286	10
287 - 290	9
291 - 293	8
294 - 296	7
297 - 300	6
301 - 303	5
304 - 306	4
307 - 310	3
311 - 313	2
314 - 316	1
317 - 320	0

Leathanach Bán



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH, 2017

AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

**EACNAMAÍOCHT BHAILE –
EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA
OBAIR CHÚRSA SA STAIDÉAR BIA**

Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 32 mharc

Taighde agus anailís

= 24

Banda A 19 - 24 mharc (an-mhaith - ar fheabhas)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc
- atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda B 13 - 18 marc (an-ábailta - go maith)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus roinnt **anailíse** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda C 7 - 12 mharc (bunúsach - ábalta)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach
- ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Banda D 0 - 6 mharc (an-bhunúsach - teoranta)

Fiosrúchán

- ina bhfuil fianaise ar **thuiscint an-bhunúsach teoranta** ar phríomhriachtanais an taisc
- ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair
- ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú

Gach Tasc: biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge

= 4

Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear -1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.

(biachlár – cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc)

béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán

Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia

Foinsí: 2 fhoinse @ 2 mharc an ceann

= 4

Ullmhúchán agus Pleanáil - 8 marc

Acmhainní:

- comhábhair (2 mharc), cainníochtaí (2 mharc), costáil (2 mharc), trealamh (2 mharc) = 8
- AOP E – táirge/táirgí (4 mharc), trealamh (4 mharc)

Cuir i bhFeidhm - 28 marc

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta/teocht, riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú = 16
(Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)

Banda A 13 - 16 mharc (an-mhaith - ar fheabhas)

Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Banda B 9 - 12 mharc (an-ábaltá - go maith)

Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Banda C 5 - 8 marc (bunúsach - ábaltá)

Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Banda D 1 - 4 mharc (an-bhunúsach - teoranta)

Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu

Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh 2 phointe @ 4 mharc an ceann = 8

(caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)

Aithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias

Sábháilteacht/sláinteachas 2 phointe @ 2 mharc an ceann = 4

(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)

Aithint (1) agus míniú (1) ar príomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus an phríomh-shaincheist amháin** a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh

Measúnú - 12 marc

3 phointe @ 4 mharc an ceann = 12

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas:

Cur i bhfeidhm

Banda A – 4 mharc – aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshlain sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil

Banda B – 3 mharc - aithníodh láidreachtaí/dúshlain sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís teoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil

Banda C – 2 mharc – rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshlain a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil

Sainriachtanais an taisc

Banda A – 4 mharc – tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc

Banda B – 3 mharc – tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc

Banda C – 2 mharc – déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc

Réimse Cleachtais A: Feidhmiú Prionsabail Chothaithe

Tasc 1

Tréimshe d'fhás tapa iad na luathbhlianta i saol duine agus tá réim shláintiúil bia fíor-riachtanach don ghnáthfhorbairt. Is le linn na tréimhse seo a bhunaítear nósanna itheacháin agus roghanna bia leanaí.

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do leanaí idir dhá bhliain d'aois agus cúig bliana d'aois. Bíodh tagairt agat do na mionathruithe is cóir a dhéanamh ar mhiasa lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga.

Agus tú ag cuimhneamh ar na tosca sin, mol biachlár do lá **amháin** (trí bhéile agus sneaiceanna) a bheadh oiriúnach do leanaí san aoisghrúpa seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- riachtanais aiste bia/chothúcháin ag féachaint go sonrach do **leanaí atá idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois**.
- treoirlínte ábhartha pleanála béilí ag féachaint go sonrach do **leanaí atá idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois**.
- modhnuithe ar ceart iad a dhéanamh ar mhiasa chun a chinntiú go bhfuil siad oiriúnach do leanaí óga.
- biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile agus sneaiceanna)
- mias an phríomhchúrsa a roghnaítear mar phríomhbhéile an lae.

Fiosrúchán

Riachtanais aiste bia/chothúcháin: cothroime chothúcháin; méadaíonn fás fisiciúil an gá le hiontógáil na gcothaitheach go léir; riachtanais laethúla maidir le macra-/micrea-chothaithigh, lena n-áirítear riachtanais phróitéine/charbaihidráite/saille/iarainn/chailciam, de réir mar is cuí do leanaí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois, mar aon le cúiseanna le hathruithe féideartha; neart snáithín; ionsú Vitimín C/iarainn; ionsú Vitimín D/cailciam; cóimheá fuinnimh vis à vis leibhéil ghníomhaíochta; treoirlínte reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; etc.

Treoirlínte maidir le hullmhú béilí: bain úsáid as pirimid an bhia chun cothromaíocht a chinntiú; dáileadh a mholtar – gránaigh (4), torthaí agus glasraí (2-4), bia próitéine (1), bia déiríochta (1); ith trí bhéile cothromaithe ar a laghad gach lá; ná fág amanna béile ar lár; éagsúlacht bianna; nithe a thaitníonn, agus nach dtaitníonn, le duine; roghnaigh bia séasúrach; seachain smailcbhianna mífholláine i.e. bianna ina bhfuil ardleibhéal salainn, saille agus siúcra, bianna spíosracha; bíodh leite/muesli ann in ionad gránach próiseáilte bricfeasta; is ceart béilí a bheith tarraingteach agus dathannach chun leanaí a spreagadh an bia a ithe; ní ceart sciartha a bheith rómhór; seachain salann a chur isteach le linn na cócaireachta; roghnaigh feoil thrua; cuir teorainn leis an méid bianna próiseáilte a itear mar go mbíonn ardleibhéal saille, salainn agus siúcra iontu sin de ghnáth; is ceart go mbeadh sé éasca an bia a chogaint agus a dhíleá; bain úsáid as anlann chun feoil a bhogadh; leachtaigh glasraí in éineacht le feoil & anlann; roghnaigh bianna atá inláimhseáilte go héasca; úsáid uisce agus bainne in ionad deochanna siúcra; tabhair béilí ag tráthanna rialta le go mbeidh a fhios ag leanaí cén uair is ceart a bheith ag súil le bia; cuir méaróga bia ar fáil - chun ligean do leanaí óga iad féin a bheathú; etc.

Modhnuithe: Bíodh foinsí phróitéin HBV ann agus iad indléáite go héasca e.g. sicín/uibheacha; bíodh foinsí LBV ann e.g. pónairí/lintilí, chomh maith le foinse mhaith snáithín; cuir torthaí in éineacht le gránaigh bhricfeasta/milseoga agus iógart – cailciam agus próitéin HBV; úsáid gránaigh lánghráin – a thugann scaoileadh mall fuinnimh in ionad CHO mínphróiseáilte; cuir glasraí breise isteach i miasa chun dath, snáithín agus vitimíní a chur leo; laghdaigh an méid siúcra atá ann in oidis – cuir isteach torthaí mar mhilsitheoir; bíodh iasc olúil ann, mar aon le cnónna/síolta chun EFA/ASR agus óimige 3 a chur ar fáil; bíodh foinsí cailciam ann e.g. cáis/iógart; bain úsáid as abhacád agus humas mar mhalairt ar leatháin agus ar mhargairín; bain úsáid as olaí éagsúla glasraí agus síolta le linn bianna a ullmhú; úsáid malairtí níos sláintiúla in ionad ime, mar shampla, olaí canóla, lus na gréine, olóige agus seasamain; bain na cnámha amach as iasc; grátáil glasraí; cur i láthair an bhia - sciartha aonair; cruthanna bia; etc.

- Na miasa a roghnaítear**
- biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile agus sneaiceanna)
 - ní mór cloí le riachtanais chothúcháin leanaí atá idir 2 bhliain agus 5 bliana d'aois
 - ní mór mias príomhchúrsa a bheith ann.

Measúnú (sainriachtanais an taisc)

Anailís ar chinntí maidir leis na riachtanais chothúcháin a bhaineann le raon mias/béilí do leanaí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois. Treoirlínte pleanála béile – raon mias/béilí atá oiriúnach do leanaí 2-5 bliana d'aois etc., an tslí ina bhfuil an mhias a roghnaítear i gcomhréir leis na riachtanais a shainaithnítear san fhiosrúchán; etc.

Tasc 2

Is í an uireasa iarainn an uireasa mianraí is coitianta ar fud an domhain, agus is iad na mná agus na leanaí is mó a mbíonn sí orthu. (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2015)

Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, sainaithin agus pléigh **(i)** na cúiseanna agus **(ii)** na hiarmhairtí a bhaineann le hainéime uireasa iarainn.

Fiosraigh agus dean mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil dóibh siúd ar mian leo cur leis an méid iarainn a bhíonn acu ina reim bia. Agus na tosca atá aitheanta agat i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol réimse biachlár (cúrsaí tosaigh agus príomhchúrsaí) a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile an lae don ghrúpa seo daoine.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na príomhchúrsaí a d'fhiosraigh tú.

Deán an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- na cúiseanna le hainéime easnaimh iarainn
- na héifeachtaí a ghabhann le hainéime easnaimh iarainn
- na riachtanais aiste bia/chothúcháin agus aird ar leith á tabhairt **ar mhná agus leanaí**
- na treoirlínte ábhartha pleanála bia agus aird ar leith á tabhairt **ar mhná agus leanaí**
- raon biachlár (cúrsaí tosaigh agus príomhchúrsaí)
- an mias phríomhchúrsa a roghnaítear.

Fiosrúchán

Na cúiseanna le hainéime easnaimh iarainn: aiste bia neamhchothrom; easpa vitimín C; an iomarca snáithín san aiste bia; tainnin i dtae, i gcaife agus i gcócó; aigéad fíteach i ngránaigh agus i bpiseánaigh; aigéad ocsalach i nglasraí; laghdaíonn an luibh oragán ionsú; aistí bia nach ndéantar faireachán maith orthu i.e. aistí bia veigeatórach/laghdaíthe meáchain; riochtaí sláinte e.g. is féidir le galar céiliach laghdú a dhéanamh ar an méid iarainn a ionsúitear; cailleadh iomarcach fola tar éis máinliachta, míostrú; tinneas – gan bheith in ann iarann a ionsú; daoine atá éisealach faoin mbia a itheann siad; deacracht maidir le bia sláintiúil ina bhfuil ardleibhéal iarainn a aimsiú; aistí bia veigeatóra ós rud é gur fusa iarann a ionsú ó fhoinsí feola ná mar atá fíor i gcás iarann a ionsú ó ghlásraí; d'fhéadfadh sé go mbeidh naíonáin easnamhach má ólann siad an iomarca bainne bó agus má itheann siad líon beag bianna ina bhfuil ardleibhéal iarainn e.g. feoil dhearg agus glasraí glasa duilleacha; etc.

Na héifeachtaí a ghabhann le hainéime easnaimh iarainn: tuirse, greannaitheacht, marbhántacht, easpa ó thaobh aird a dhíriú ar ábhar, tinnis cinn, rith croí, giorra anála, meadhrán, craiceann míltheach, laige, tuirse matáin, tirimeacht sa bhéal/scornach, cneácha béil, gruaig shobhriste/ingne sobhriste; etc.

Riachtanais aiste bia/chothúcháin: cothromaíocht chothúcháin; riachtanais laethúla maidir le macra-/micrea-chothaithigh lena n-áirítear riachtanais maidir le próitéin/cho/saill/iarann/cailciam de réir mar is cuí; ardleibhéal snáithín; ionsú Vitimín C/iarainn; ionsú Vitimín D/cailciam; treoirlínte reatha cothúcháin maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; eolas faoi bhianna iarainn haeim agus neamh-haeim; etc.

Treoirlínte maidir le hullmhú béilí: bain úsáid as pirimid an bhia chun béilí cothromaithe a chinntiú; ith trí bhéile cothromaithe rialta gach lá; is ceart gránach treisithe bricfeasta a bheith ann sa bhricfeasta; ith raon leathan torthaí agus glasraí éagsúla; méadaigh iontógáil bianna ina bhfuil ardleibhéal iarainn agus Vitimín C chun iarann a ionsú; is fusa iarann haeim ó fhoinsí ainmhióch a ionsú ná mar is fíor i ndáil le foinsí plandúla neamh-haeim; ith bianna iarainn haeim agus neamh-haeim in éineacht lena chéile; ní ceart bianna ina bhfuil aigéad fíteach agus aigéad ocsalach a ithe ag an tráth céanna le bianna ina bhfuil ardleibhéal iarainn; seachain bianna ina bhfuil ardleibhéal salainn agus siúcra i.e. bianna próiseáilte; roghnaigh táirgí íseal-saille ina bhfuil saillte il-neamhsháithithe; seachain bianna carbaihiodráite mínphróiseáilte, cuir bianna caiscín ina n-ionad; seachain an iomarca snáithín san aiste bia; etc.

- Na miasa a roghnaítear**
- biachláir do phríomhbhéile an lae (cúrsaí tosaigh agus príomhchúrsaí)
 - is ceart na riachtanais chothúcháin a chomhlíonadh de réir mar a shainaithnítear chun méadú a dhéanamh ar an iontógáil iarainn
 - ní mór príomhchúrsa a bheith ann

Measúnú (sainriachtanais an taisc)

Anailís ar chinntí maidir leis an méid atá foghlamtha agat ón bhfiosrúchán faoi bhainistiú aiste bia do mhná agus do leanaí chun méadú a dhéanamh ar iontógáil iarainn; fachtóirí ar ceart iad a bhreithniú le linn béilí a phleanáil lena chinntiú go bhfuil leordhóthanacht chothúcháin ann; na bianna atá oiriúnach/mí-oiriúnach; na gnéithe speisialta de phleanáil béilí nach mór iad a bhreithniú; an tslí ina gcomhlíonann an mhias a roghnaítear na riachtanais mar atá sainaitheanta san fhiosrúchán; etc.

Is gá do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoi chleachtais sábháilteachta bia nuair a cheannaíonn, nuair a stóráilann agus nuair a ullmhaíonn said bia. Ba chóir go mbeadh eolas acu faoi na guaiseacha (contúirtí) coitianta i dtaca le sábháilteacht bia agus conas sábháilteacht bia a bhainistiú.

Déan taighde orthu seo a leanas:

- an tábhacht don tomhaltóir a bhaineann le sábháilteachta bia
- na guaiseacha coiteanna i dtaca le sábháilteacht bia
- cleachtais lena chinntiú go bhfuil bia sábháilte le hithe
- miasa inar gá cloí go speisialta le chleachtais shábháilteachta bia.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na miasa ó de chuid taighde.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** le measúnú criticiúil ar an mhias chócaráilte agus **(b)** le conas a chinntigh na cleachtais sábháilteachta bia ar cloíodh leo go raibh an mhias sábháilte le hithe.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- tábhacht sábháilteachta bia don tomhaltóir
- guaiseacha coiteanna sábháilteachta bia
- cleachtais atá le cur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil bia sábháilte lena ithe
- miasa nach mór aird speisialta a thabhairt ar chleachtais shábháilte bhia ina leith
- an mhias a roghnaítear

Fiosrúchán

Tábhacht sábháilteachta bia don tomhaltóir: cinntítear nach bhfuil bia éillithe le baictéir, seadáin, víris, tocsainí agus ceimiceáin a d'fhéadfadh a bheith díobhálach; cuirtear cosc ar iolrú baictéar; tugtar cabhair maidir le díothú baictéar díobhálach; cinntítear nach bhfuil an bia a ithimid ina chúis le galar; etc.

Guaiseacha coiteanna sábháilteachta bia: **Ceimiceach:** e.g. táirgí glantacháin, lotnaidicídí; etc. **Fisiciúil:** e.g. nithe coimhthíocha - codanna d'innealra/plástair/ribí gruaige etc. a thiteann isteach i dtáirgí le linn iad a mhonarú; etc. **Miocróbach:** éilliú ó bhaictéir; tá tréithchineálacha pataigineacha ina gcúis le tinneas i measc daoine, d'fhéadfadh deacracht a bheith ag baint lena mbrath e.g. campalabaictéar, salmonella; tá baictéir millte ina cúis le lobhadh nó meath bia agus is féidir na comharthaí orthu a bhrath go réidh; díreach – feoil amh i dteagmháil le táirgí atá réidh lena n-ithe; neamhdhíreach – úsáid a bhaint as an scian chéanna chun feoil amh agus táirgí atá réidh lena n-ithe a ghearradh; éilliú aeriompartha – sraothartach os cionn bia; etc.

Cleachtais a chinntiú go bhfuil bia sábháilte lena ithe: **Ceannach:** ceannaigh bia ó fhoinsé iontaoifa; pacáistiú gan damáiste; an dath ceart/an boladh ceart/an chuma cheart; seiceáil an bhfuil fás múscáin ann; seiceáil na dátaí 'ar fearr rompu', stampaí deimhnithe cáilíochta; etc. **Stóráil:** stóráil bia amh ar leithligh ó bhia cócaráilte/réidh le hithe/ullmhaithe; rothlaigh an stoc; bia a choimeád i gcuiseoir – an áit cheart sa chuisneoir e.g. feoil ar an tseilf íochtair; teochtaí 0-5°C; ná coinnigh an iomarca earraí sa chuisneoir; díreoigh agus glan an cuisneoir go tráthrialta; coinnigh na doirse dúnta chun an teocht cheart a choimeád ann; stóráil bia reoite ag teocht faoi bhun -18°C; cuir táirgí damáistithe de láimh chun éilliú táirgí eile a sheachaint; stóráil earraí tirime in áiteanna glana dea-aerithe; stóráil bianna ar sheilfeanna os cionn leibhéal na talún; ní mór coimeádáin stórála a bheith clúdaithe; is ceart ábhair ghlantacháin a stóráil in áit ar leithligh; etc. **Ullmhúchán:** sláinteachas pearsanta – caith éadaí seachtracha atá glan agus cosantach, nigh do lámha, bíodh do chuid gruaige faoi smacht, ná caith tobac, ná déan casacht/sraothartach os cionn bia; bí cinnte go bhfuil an trealamh glan; bain úsáid as cláir mionghearrtha dathchódaithe; déan a laghad láimhseála agus is féidir ar bhia; díreoigh bianna reoite go hiomlán; bíodh ionaid ar leithligh oibre agus uirlisí/trealamh ar leithligh ann d'iasc, d'fheoil agus do ghlasraí/shailéid; nigh an bia i ndoirteal ullmhaithe bia ar leith; cócaráil bianna go dtí croítheocht íosta 75°C; coinnigh bianna teo os cionn 63°C; atéigh bianna go croítheocht íosta 70°C; ní mór bia te a sheirbheáil laistigh de 90 nóiméad ón tráth a chócaráiltear é; ná hatéigh bianna ach aon uair amháin; fuaigh bianna go tapa; ní mór bia fuar a choinneáil faoi bhun 5°C; HACCP – ceannach, ullmhú agus stóráil bia; bianna ardriosca, ísealriosca; etc.

Miasa nach mór aird speisialta a thabhairt ar chleachtais shábháilte bhia ina leith:

An mhias a roghnaítear - is ceart go gcomhlíonfaidh an mhias a roghnaítear na ceanglais a shainithnítear

Measúnú (mar atá sonraithe sa tasc)

(a) meastóireacht chriticiúil ar an mias a chócaráiltear **(b)** anailís ar chinntí maidir le cad a d'fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir leis an tslí inar chinntigh na cleachtais shábháilte bhia ar cloíodh leo go raibh an mhias sábháilte lena hithe.

Is in Éirinn atá an 3ú ráta ite uachtair reoite is mó san Eoraip, in aghaidh an duine. (An Bord Bia)

Déan taighde ar **dhá chineál** uachtair reoite a tháirgtear ar bhonn tráchtála (ceann soar agus ceann costasach / só-earra). Bíodh tagairt agat don bhranda, do na chomhábhair, don eolas cothaithe, don chostas agus don phacáistiú. Fiosraigh **dhá** mhodh éagsúla chun uachtar reoite a dhéanamh sa bhaile agus mínigh an bunphrionsabal sa dá chás. Bain úsáid as ceann de na modhanna a d'fhiosraigh tú chun uachtair reoite **amháin** a ullmhú agus a dhéanamh. Bhíodh mionsonraí san áireamh agat maidir leis an gcineál pacáistithe a mholfa leis an uachtar reoite a stóráil sa reoiteoir.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú, **(b)** lena phraiticiúlacht agus **(c)** leis an gcostas i gcomparáid le huachtar reoite tráchtála den chineál céanna.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- déan taighde faoi **dhá chineál** uachtair reoite a ullmhaítear ar bhonn tráchtála (cineál amháin barainne agus sóchineál/préimhchineál amháin) - déan tagairt do bhranda, do chomhábhair, d'fhaisnéis chothúcháin, do chostas agus do phacáistiú
- déan fiosrúchán faoi **dhá** mhodh éagsúla chun uachtar reoite a dhéanamh agus faoin mbunphrionsabal i ngach cás
- pacáistiú atá oiriúnach do stóráil i reoiteoir
- an t-uachtar reoite a roghnaítear

Fiosrúchán

Déan taighde faoi dhá chineál uachtair reoite a ullmhaítear ar bhonn tráchtála (cineál amháin barainne agus sóchineál/préimhchineál amháin)

Brandaí: HB, Haagen Dazs, Carte D'Or, Ben and Jerry's, Darina Allen, Walls, Weightwatchers, Nestlé, Murphy's, Tipperary Organic, Dairyglen, uachtair reoite féinbhranda; etc. **Comhábhair:** uachtar, bainne bearrtha, solaid mheidhg, bainne comhdhlúite, bainne cnó cócó, siúcra, glúcós, síoróip arbhair, buíocán uibhe, olaí plandúla (cnó cócó, lus na gréine, pailm), síoróip fruchtóis, im chócó, cobhsaitheoirí, stáirse arbhair/ararút, guma guair, blasóirí; neachtar agáibhe (milsitheoir atá cabhrach maidir le cosc a chur ar fhoirmiú criostal oighir agus uachtar reoite mín a bhíonn ann dá bharr); etc. **Faisnéis chothúcháin:** saill sháithithe, tras-sailleanna, sóidiam, carbaihiodráit, siúcra, snáithín, próitéin; etc. **Costas:** cineál barainne €1.50 - €3; sóchineál/préimhchineál €5 - €7.50; **Pacáistiú:** tobáin phlaisteacha, brú-thobáin, cairtchlár, cartáin/tobáin céarach, fillteán céarach/scragaill; etc.

Modhanna chun uachtar reoite a dhéanamh agus an bunphrionsabal i ngach cás:

Custard: téachtadh – téachtann an phróitéin uibhe nuair a théitear í agus tiubhaíonn sí an meascán; scaoiltear na slabhraí próitéine, éiríonn siad díreach agus ceanglaíonn siad dá chéile thart ar phócaí beaga uisce; má dhéantar róchócaráil bailíonn an phróitéin uibhe le chéile rud a bhrúnn amach aon uisce atá ann agus tarlaíonn treamhnú dá bharr sin; cuireann siúcra le blastacht agus feabhsaíonn sé an uigeacht; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; coiptear an t-uachtar agus cuirtear isteach é ar mhaithe le héadroime; etc. **Aerú:** déantar gealacáin uibhe agus siúcra a ghreadadh **chun aer a chur isteach** iontu, buailtear aer isteach san uachtar chun an meascán a éadromú agus toirt a mhéadú; úsáidtear geilitín chun an meascán a théachtadh; is féidir é a chócaráil nó gan é a chócaráil; déantar greadadh ar mhaithe le huigeacht chothrom; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; etc. **Glóthach:** úsáidtear geilitín chun glóthach a dhéanamh ós rud é go **n-ionsúnn sé** cainníochtaí móra uisce; nuair a théitear déantar leacht, ar a dtugtar sol, den glóthach; nuair a fhuaítear déantar solad den sol rud a thiubhaíonn an meascán uachtair reoite; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; etc.

Buíocán uibhe agus síoróip reoite (mousse): déantar síoróip reoite a bhlaistiú le súnna torthaí agus/nó le purée torthaí, déantar **aerú** le gealacáin uibhe; coimeádann an geilitín an meascán le chéile chun é a dhéanamh éadrom; **reoigh** ag teocht íseal ar mhaithe le foirmiú criostal beag oighir; etc.

Déantóir uachtair reoite (modh cuinneoige); **modh láimhe** (modh socair); etc.

Pacáistiú oiriúnach chun uachtar reoite a stóráil i reoiteoir: coimeádáin phlaisteacha, coimeádáin scragaill, raimicínní do sciartha ar leithligh; cartáin chairtchláir céarach de mhéideanna éagsúla; etc.

Mura ndéantar aon fiosrúchán faoi phacáistiú ar mhaithe le stóráil i reoiteoir – asbhain 3 mharc

An mhias a roghnaítear – uachtar reoite amháin agus úsáid á baint as na modhanna a ndearnadh fiosrúchán fúthu.

Measúnú (mar atá sonraithe sa tasc)

(b) Infheidhmitheacht maidir le déanamh an uachtair reoite – saincheisteanna maidir le hacmhainní – am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil; etc. **(c) Cost-éifeachtacht** maidir le déanamh an uachtair reoite a roghnaítear i gcomparáid le táirge tráchtála de cháilíocht den chineál céanna.

Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh inti

Tasc 5

Bíonn an-tóir ar phíotsaí a tháirgtear ar bhonn tráchtála mar gheall ar chomh háisiúil agus atá said agus mar gheall ar an réimse leathan díobh atá ar fáil.

Déan taighde ar na cineálacha éagsúla píotsa atá ar fáil (i.e. brandaí, saghsanna, costas).

Cócaráil trí phíotsa a táirgeadh ar bhonn tráchtála. Ba chóir go mbeadh na barráin chéanna ar na píotsaí go léir agus an tiús céanna iontu go léir ach ba chóir go mbeadh na brandaí difriúil.

Déan **tástáil rangaithe roghnachais** chun a fháil amach cén píotsa is rogha le daoine i do ghrúpa féin.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis na torthaí tástála a fuarthas.

2017

Príomhriachtanais an taisc:

- déan taighde faoi na cineálacha éagsúla phíotsaí atá ar fáil (i.e. brandaí, cineálacha, costas)
- **tástáil rangaithe roghnachais**
- na dtosca atá le rialú le linn na tástála
- an **táirge a roghnaíonn tú**

Fiosrúchán

= 24

- Taighde/Imscrúdú faoi tháirgí a oireann don tástáil
i.e. déan taighde faoi na cineálacha éagsúla phíotsaí atá ar fáil i.e. brandaí, cineálacha, costas; etc.

- **Tástáil Rangaithe Roghnachais**

Cur Síos: tugtar líon áirithe samplaí códaithe don tástálaí, rangaíonn an tástálaí na samplaí san ord tosaíochta; etc.

Aidhm na tástála: a fháil amach cén ceann de na trí bhranda phíotsaí is fearr le tástálaithe; etc.

Torthaí a mbeifí ag suil leo: ord tosaíochta a shannadh do na samplaí de réir thosaíochtaí na ndaoine.

Aithint na dtosca atá le rialú le linn na tástála

Tosca a bhaineann go sonrach leis an tasc e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear i gcomhair tástála; teocht an tsampla; cainníochtaí comhchosúla i ngach sampla ar leith; códú na samplaí; sláinteachas; tráthú; an áit ina ndéantar an tástáil; nithe a bhaineann le haiste bia; etc.

- **An mhias/táirge a roghnaítear**
Na táirgí a roghnaítear

= 4

Foinsí: 2 foinsí @ 2 mharc an ceann

= 4

Ullmhú agus Pleanáil

- Acmhainní
- An príomhthrealamh atá ag teastáil chun an tasc a chur i gcrích

= 8

Tástáil Rangaithe Roghnachais: 6 thráidire, 6 ghloine uisce, 18 gcoimeádán chódaithe, 6 shampla de Bhia A, 6 shampla de Bhia B, 6 shampla de Bhia C, 6 scórchárta, leathán taifeadta, peann; etc.

Cur i bhfeidhm

= 16

An nós imeachta a ndéantar dá réir le linn an chuid seo den tasc a chur i gcrích

Is ceart ord iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt agus is ceart torthaí a chur i láthair don tástáil i.e.

Tástáil Rangaithe Roghnachais (trí tháirge)

Cócaráil na trí píotsa

Códaigh 18 gcoimeádán, 6 cinn díobh agus an tsiombail □ orthu, 6 cinn díobh agus an tsiombail ◇ orthu, agus 6 cinn díobh agus an tsiombail ○ orthu; cuir na samplaí den píotsa isteach i ngach coimeádán ar leith; socraigh 6

thráidire agus iad uimhrithe 1-6 agus beidh coimeádán amháin atá lipéadaithe leis an tsiombail □, coimeádán amháin atá lipéadaithe leis an tsiombail ◇, agus coimeádán amháin atá lipéadaithe leis an tsiombail ○ ar gach tráidire ar leith; déanann tástálaithe de réir na dtreoracha ar an scórchárta; blaiseann siad gach sampla; léiríonn siad ord tosaíochta trí 1ú rogha a chur in aice leis an gceann is fearr leo, 2ú rogha in aice leis an gcéad rogha eile, 3ú rogha in aice leis an gceann is lú tosaíocht; bailíonn an taifeadóir na scórchártaí agus aistrítear na torthaí chuig leathán taifead réamhullmhaithe; tabhair luach do gach rogha e.g. 1ú rogha (3 phointe), 2ú rogha (2 phointe), 3ú rogha (1 phointe); nuair atá na torthaí á dtaifeadadh ríomh an scór do gach táirge ar leith – iolraigh an líon ticeanna i ngach bosca ar an scór atá sannta don rogha sin; nochtar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir na torthaí a chur i láthair ar bharrachairt/phíchairt/thábla; déan slachtú agus níochán; etc.

- **Na príomhthosca a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann) = 8**

I measc na bpríomhfachtóirí ar féidir iad a bhreithniú chun rath a chinntiú sa tasc seo, áirítear an méid seo a leanas - na dálaí a **rialaithear** le linn na tástála - códú; an táirge a úsáidtear a roghnú; teocht an tsampla; aonfhoirmeacht na samplaí atá le tástáil; méideanna dóthanacha; gloine uisce/nó brioscóg thirim ann chun an carball a ghlanadh; tábhacht an chiúnais le linn na tástála; bíodh na cóid mar an gcéanna ar gach tráidire; níor cheart go spreagfadh na cóid aon chlaonadh i measc na dtástálaithe; níor cheart go mbeadh na daoine atá ag tástáil ag plé leis an gcódú ná le socrú na samplaí nó le cur na dtorthaí i dtoll a chéile; etc.

(na príomhthosca – ní mór baint a bheith ag ceann amháin acu leis an tástáil a dhéantar)

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (fachtóir sábháilteachta amháin @ 2 mharc + fachtóir sláinteachais amháin @ 2 mharc) = 4**

Sábháilteacht: tástálaithe ag a bhfuil ailléirgí – táirge ina bhfuil cnónna etc.; aistí bia speisialta e.g. céiliach etc.; táirgí ina bhfuil breiseáin/E-uimhreacha; etc.

Cleachtas maith **sláinteachais** maidir leis an limistéar ullmhúcháin agus maidir leis an limistéar tástála; samplaí a láimhseáil - miotóga plaisteacha/gloiní indiúscartha a úsáid; etc.

Measúnú (3 phointe @ 4 mharc an ceann) = 12

- **Cur i bhfeidhm**

Na nósanna imeachta tástála a úsáideadh; na príomhfachtóirí le linn an tástáil a dhéanamh; saincheistean na sábháilteachta agus sláinteachais a breithníodh; fadhbanna a tháinig chun cinn agus na réitigh a moladh; measúnú ar éifeachtúlacht ord na hoibre; etc.

- **Sainriachtanais an taisc**

Is ceart do na mic léinn measúnú a dhéanamh ar na torthaí a fhaightear ón Tástáil Rangaithe Roghnachais agus roinnt conclúidí a tharraingt.

Is ceart anailísiú a dhéanamh ar na fachtóirí a d'fhéadfadh baint a bheith acu le torthaí na tástála.

Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon **cheithre** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú.
2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.
3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.
4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais an taisc**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
5. **Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán**, ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.
6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach **beagán scileanna próiseála** – marc *pro rata*.
7. **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán leis na riachtanais**, e.g.
 - Mias **gan chócaráil** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
 - Mias **nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc** – Tasc 2
 - **An modh a fiosaíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh** – Tasc 4
 - Mias roghnaithe ina mbaintear **ró-úsáid as bianna áise****Bain – 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.**
8. Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc, e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

N.B.: *Ní mór gach cás a sheiceáil leis an scrúdaitheoir comhairleach sula gcuirtear i bhfeidhm iad.*

Nuair atá cás á chur i bhfeidhm agat, léirigh sin trí mharcanna S. 7 - 8 a chur leis an tuairim ábhartha ag tús an taisc.

Leathanach Bán

